# Fíricí faoi Vacsaíní do dhaltaí atá ag tosú ar an meánscoil in 2020

Arna fhoilsiú ag Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS, Meán Fómhair 2020

Gheobhaidh tú tuilleadh faisnéise sa bhileog eolais seo maidir leis na vacsaíní atá ar fáil do do pháiste le linn a  gcéad bliana ar an meánscoil. Léigh an bhileog **"Vacsaíní chun do pháiste a chosaint ar: HPV, MenACWY agus Tdap - Eolas do thuismitheoirí agus do dhaltaí a bheidh ag tosú ar an meánscoil in 2020"**

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar **www.hpv.ie** agus ar **www.immunisation.ie.**

## Ceisteanna coitianta a bhíonn ag tuismitheoirí

**Cén fáth a dtugtar vacsaíní ar scoil?**

- Léirítear i dtaighde go bhfaigheann níos mó daoine, déagóirí go háirithe, vacsaíní nuair a thugtar na vacsaíní ar scoil.
- Tá cláir scoil-bhunaithe ag tíortha amhail Albain agus an Astráil, tíortha inar tháinig laghdú suntasach ar ghalair a bhaineann le HPV.
- Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go dtabharfaí vacsaíní do pháistí in aois scoile ar scoil.
- Cuireann tabhairt na vacsaíní sna scoileanna leis an gcomhionannas. Is ionann an deis a bhíonn ag gach scoláire chun vacsaíniú a fháil.

**An féidir le mo pháiste vacsaíní a fháil óna ndochtúir teaghlaigh?**

Tabharfaidh foirne vacsaínithe scoile FSS na vacsaíní HPV, MenACWY agus Tdap do dhaltaí ina gcéad bhliain ar an meánscoil mar chuid de chlár vacsaínithe FSS. Tabharfar saor in aisce iad.

Níl an clár vacsaínithe scoile dara leibhéal ar fáil ó do dhochtúir teaghlaigh.

Má roghnaíonn tú go dtabharfadh do dhochtúir teaghlaigh na vacsaíní do pháiste, beidh ort táille riaracháin a íoc agus beidh ort féin íoc as na vacsaíní.

**Conas atá a fhios againn go bhfuil vacsaíní sábháilte?**

- Déantar dian-tástáil sábháilteachta ar na vacsaíní go léir sula gceadúnaítear iad.
- Tar éis do vacsaín bheith curtha i bhfeidhm, déantar monatóireacht leanúnach ar a sábháilteacht.
- Déantar anailís ar aon 'teagmhas' míochaine a thuairiscítear tar éis vacsaín a thabhairt chun féachaint an í an vacsaín is cúis leis.
- Deir an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Ionad na Stát Aontaithe um Ghalair a Chosc agus a Rialú go bhfuil na vacsaínithe seo sábháilte agus nach ngabhann fo-iarmhairtí fadtéarmacha aitheanta ar bith leo.

**Céard a d'fhéadfadh tarlú mura bhfaigheadh mo pháiste an vacsaín?**

- D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh do pháiste neamhchosanta ar cheann ar bith de na galair seo mar pháiste nó mar dhuine fásta.
- Más amhlaidh atá, is maith an seans go

mbeidh sé nó sí ionfhabhtaithe, agus d'fhéadfadh go dtiocfadh ceann de na galair a ndéantar cur síos orthu thíos air nó uirthi.

- Má tá do pháiste ionfhabhtaithe, d'fhéadfadh sé nó sí an galar a scaipeadh chuig daoine atá neamhchosanta air, amhail páistí atá ró-óg le bheith vacsaínithe. D'fhéadfadh go n-éireodh a lán daoine an-tinn agus d'fhéadfadh go bhfaigheadh roinnt acu bás mura mbeadh go leor daoine cosanta i do phobal.

**Cá háit ar féidir liom níos mó eolais a fháil maidir leis na vacsaíní?**

Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan iad a phlé le ball de d'fhoireann imdhíonta scoile FSS, le d'altra sláinte poiblí nó le do dhochtúir teaghlaigh. Is féidir leat sonraí teagmhála na foirne imdhíonta a fháil sa phacáiste seo.

Is féidir leat dul go dtí www.hpv.ie agus www.immunisation.ie chun físeáin agus bileoga eolais a fháil maidir leis na vacsaíní. Molaimid duit "Vacsaíní chun do pháiste a chosaint ar: HPV, MenACWY agus Tdap" a léamh ar ár suíomh gréasáin nó i do phacáiste toilithe.

Is féidir leat naisc le bileoga faisnéise d'othair maidir leis na vacsaíní a fháil freisin ag www.hpra.ie. Déan Gardasil 9 (HPV), Nimenrix (MenACWY) nó Boostrix (Tdap) a chuardach nó scan an cód QR chun an bhileog faisnéise ábhartha d'othair a léamh.

Gardasil 9 | Nimenrix | Boostrix

# Vacsaín HPV

**Céard é an vacsaín HPV?**

Is vacsaín í le cur i gcoinne ionfhabhtú mar thoradh ar an papalómaivíreas daonna (HPV), ceann de na príomhchúiseanna le hailse cheirbheacs.

**Cathain a tugadh an vacsaín HPV isteach?**

In 2007, tugadh an vacsaín HPV isteach san Astráil agus tugadh isteach in 2008 sa Ríocht Aontaithe í. In 2010, tugadh an vacsaín HPV isteach in Éirinn do chailíní sa chéad bhliain ar an meánscoil. Cuireadh an vacsaín HPV ar fáil do bhuachaillí ó 2019 i leith, toisc gur féidir leis an víreas HPV bheith ina chúis le hailsí agus le fadhbanna sláinte eile a mbíonn tionchar acu ar bhuachaillí freisin.

**An oibríonn an vacsaín HPV?**

Tá sé léirithe i staidéir taighde idirnáisiúnta go bhfuil an vacsaín an-éifeachtach.
San Astráil, léiríodh na rudaí seo a leanas i staidéir:

- laghdú 77% ar na cineálacha HPV is cúis leis an gcuid is mó de na hailsí ceirbheacs;
- laghdú 50% nach mór ar na cásanna de mhínormáltacht ionsaitheach (suntasach) cheirbheacs i gcailíní níos óige ná 18 mbliana d'aois;
- laghdú 90% ar fhaithní na mball giniúna i measc fear agus ban heitrighnéasach níos óige ná 21 bhliain d'aois.

In Albain, ó bhí 2008 ann, fuair naonúr as gach deichniúr cailíní in aois 12 go 13 bliana an vacsaín HPV. Ó shin i leith, tá laghdú 89% tagtha ar réamhailsí ceirbheacs i gcailíní a fuair an vacsaín. Is éard atá i gceist le réamhailsí ceirbheacs ná athruithe ar chealla an cheirbheacs (mínormáltachtaí) ar mó an baol go dtiocfaidh ailse cheirbheacs astu, le himeacht ama.

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an vacsaín HPV?**
Sa tábla thíos, cuirtear éifeachtaí HPV i gcomparáid le fo-iarsmaí na vacsaíne.

| Galar | Éifeachtaí an ghalair | Fo-iarsmaí na vacsaíne |
|---|---|---|
| Is ionann HPV agus papalómaivíreas daonna, rud ar grúpa de bhreis is 100 víreas é. Tógfaidh an chuid is mó de dhaoine ionfhabhtú HPV i rith a saoil. Teagmháil craicinn ar chraiceann, le linn gníomhaíochta gnéasaí de ghnáth, a scaipeann é. | Bíonn ionfhabhtú HPV ina chúis le hathruithe sa cheirbheacs (béal na broinne) a d'fhéadfadh athrú go hailse cheirbheacs.<br><br>Is i measc daoine go déanach sna déaga nó go luath sna fichidí is coitianta a fheictear an t-ionfhabhtú HPV. Tá méadú sciobtha ag teacht ar rátaí ionfhabhtaithe HPV i measc ban agus fear i dtíortha ardioncaim, Éire san áireamh.<br><br>Bíonn an víreas HPV ina chúis le:<br>• 99% d'ailsí ceirbheacs<br>• 9 n-ailse tóna as gach 10 gcinn a bhaineann le HPV<br>• 7 n-ailse faighne as gach 10 gcinn<br>• 5 ailse pite as gach 10 gcinn<br>• 9 gcás d'fhaithní na mball giniúna as gach 10 gcás<br><br>D'fhéadfadh an víreas HPV a bheith ina chúis le hailsí cinn, muiníl agus péinis freisin.<br><br>Tagann ailse a bhaineann le HPV ar thart ar 400 fear agus bean in Éirinn gach bliain, agus faigheann thart ar 100 duine bás. | Maidir le gach 1,000 duine a fhaigheann an vacsaín, ag níos mó ná duine as gach 10, beidh:<br><br>• pian, deargadh nó at sa lámh inar tugadh an vacsaín<br>• tinneas cinn<br><br>Beidh na siomptóim seo a leanas ag níos mó ná 1 as 100:<br>• meadhrán<br>• masmas<br>• fiabhras éadrom<br>• tuirse<br><br>D'fhéadfadh frithghníomhuithe ailléirgeacha tarlú freisin |

**Cé mhéad tíortha ina dtugtar an vacsaín HPV do chailíní?**
Cuireann níos mó ná 100 tír an vacsaín HPV ar fáil do chailíní, lena n-áirítear 32 thír san Eoraip.

**Cé mhéad tír ina dtugtar an vacsaín HPV do bhuachaillí?**
Cuireann níos mó ná 20 tír, lena n-áirítear an Astráil agus Ceanada agus an Ríocht Aontaithe, an vacsaín HPV ar fáil do bhuachaillí i dteannta le cailíní. Tá an vacsaín HPV á chur ar fáil do bhuachaillí in Éirinn ó Mheán Fómhair 2019.

**An dtarlaíonn aon fho-iarmhairt fhadtéarmach de bharr na vacsaíne HPV?**
Tá an vacsaín HPV á tabhairt san Astráil ó bhí 2007 ann agus níl aon fho-iarmhairt fhadtéarmach tuairiscithe maidir léi. Tá an vacsaín HPV9 á tabhairt sna Stáit Aontaithe ó bhí 2014 ann agus níl aon fho-iarmhairt fhadtéarmach tuairiscithe maidir léi.

Rinne Coiste Comhairleach Domhanda um Shábháilteacht Vacsaíní (GACVS) na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) athbhreithniú ar an bhfianaise maidir le sábháilteacht na vacsaíne Gardasil in 2007, 2008, 2009, 2013, 2014, 2015, 2017, 2019 agus 2020. Níl imní sábháilteachta tuairiscithe ag an WHO maidir le vacsaíní HPV riamh.

**Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfaighfí an vacsaín HPV sa chéad bhliain ar an meánscoil?**
Tá sé léirithe i dtaighde go bhfuil freagairt imdhíonachta níos fearr ag daoine óga ar an vacsaín HPV ná mar atá ag daoine go déanach sna déaga nó go luath sna fichidí.

Ina theannta sin, ní oibríonn an vacsaín chomh maith céanna maidir le galar a bhaineann le HPV a chosc i ndaoine óga atá gníomhach go gnéasach cheana féin agus ar dócha go raibh siad neamhchosanta ar an víreas cheana féin.

**An gcoiscfidh coiscíní mo pháiste ar HPV a tholgadh?**
Teagmháil ghnéasach craiceann ar chraiceann a scaipeann HPV. D'fhéadfadh úsáid coiscíní an baol go dtolgfaí HPV a laghdú, ach ní chuireann siad cosaint iomlán ar fáil. Sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfaigheadh do pháiste an vacsaín HPV. Ba cheart a mholadh dóibh freisin gnéas sábháilte a chleachtadh nuair a bheidh siad níos sine.

**Conas is féidir liom an vacsaín HPV a phlé le mo pháiste?**
Agatsa is fearr a bhfuil a fhios cé mhéad eolais a theastaíonn ó do pháiste faoi na vacsaíní seo. Tá an bhileog atá iniata leis an mbileog eolais seo scríofa i dteanga shimplí shothuigthe, agus d'fhéadfá í a roinnt le do pháiste nó ceann de na físeáin ar **www.hpv.ie** a thaispeáint dóibh.

**An roinneann FSS taifid vacsaínithe le haon seirbhís scagthástála?**
Roinneann. Roinnfimid taifead vacsaínithe HPV d'iníne le CervicalCheck – An Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs ionas gur féidir é a nascadh lena taifead scagthástála ailse ceirbheacs amach anseo. Níl scagthástáil ar fáil d'aon ailse eile a bhaineann le HPV faoi láthair. Coimeádfaimid sonraí d'iníne go huile is go hiomlán faoi rún.

**An gá do m'iníon freastal ar scagthástáil ceirbheacs fós nuair a bheidh sí níos sine?**
Is gá. Cé go gcuireann an vacsaín HPV cosaint ar fáil i gcás 9 gcinn as gach 10 gcás d'ailse cheirbheacs, tá sé tábhachtach i gcónaí go ndéanfaí scagthástáil rialta ar chailíní agus iad fásta aníos. Sin an fáth a roinnfimid sonraí vacsaínithe d'iníne le CervicalCheck – An Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi scagthástáil shaor in aisce ar mhná le haghaidh ailse cheirbheacs ar **www.cervicalcheck.ie**

## Vacsaín ACWY meiningeacocúil

**Cad is vacsaín MenACWY ann?**
Is vacsaín é seo a sholáthraíonn cosaint ar cheithre chineál galair mheiningeacocúil (baictéir atá ina gcúis le meiningíteas agus seipticéime), ar galar é a d'fhéadfadh daoine a chur i mbaol a mbáis. Ní chosnaíonn an vacsaín MenACWY ar mheiningíteas a mbíonn cineálacha eile baictéir nó víris ina gcúis leis.

Sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach a bheith san airdeall ar chomharthaí de na galair seo a leanas:

- meiningíteas (athlasadh na líneála thart timpeall ar an inchinn); agus
- seipticéime (nimhiú fola)
- agus déan teagmháil le dochtúir gan mhoill má tá imní ort.

Ar na comharthaí coitianta a bhaineann leis, tá fiabhras, muineál righin, tinneas cinn, pianta sna hailt agus gríos.

Sa tábla thíos, cuirtear éifeachtaí galair mheiningeacocúil i gcomparáid le fo-iarsmaí na vacsaíne.

| Galar | Éifeachtaí an Ghalair | Fo-iarsmaí na vacsaíne |
|---|---|---|
| Is tinneas tromchúiseach é galar meiningeacocúil, arb iad na baictéir darb ainm Neisseria meningitidis is cúis leis. D'fhéadfadh an t-ionfhabhtú baictéarach sin a bheith ina chúis le meiningíteas (athlasadh na línéála thart timpeall ar an inchinn) agus le seipticéime (nimhiú fola).<br><br>I gcás leanaí níos sine agus déagóirí, d'fhéadfadh na príomhshiomptóim seo a leanas a bheith ann i gcás meiningítis agus seipticéime:<br><br>• muineál stromptha<br>• tinneas cinn an-dona<br>• pianta géara agus tinneas sna lámha, cosa agus ailt<br>• tuirse, gan a bheith chomh freagrúil céanna, easpa suime nó mothúcháin, nó mearbhall<br>• gan a bheith ábalta soilse geala a sheasamh<br>• lámha agus cosa an-fhuar<br>• creathadh<br>• análú tapa<br>• spotaí dearga nó corcra nach maolaíonn agus iad faoi bhrú<br>• urlacan<br>• fiabhras<br>• buinneach agus crampaí sa bholg<br>• gríos<br>• trithí nó taomanna<br><br>Ní thiocfaidh na siomptóim ar fad atá liostaithe ar gach duine. Ach má thagann roinnt de na hairíonna sin ar do pháiste, spotaí dearga nó corcra go háirithe, faigh cúnamh liachta láithreach. | D'fhéadfadh galar meiningeacocúil a bheith ina chúis le meiningíteas, a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann do dhaoine mar gheall air.<br><br>D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le seipticéime freisin, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do na fuileadáin agus an soláthar ocsaigine a laghdú don chraiceann, don bhunfheoil, agus do phríomhorgáin amhail na duáin, an t-ae agus na scamhóga.<br><br>I measc 1,000 duine a tholgann galar meiningeacocúil:<br><br>• gheobhaidh 50 duine díobh bás.<br>• 100 de na daoine a thiocfaidh slán as galar meiningeacocúil, beidh siad faoi mhíchumas trom amhail bodhaire, lot inchinne nó caillteanas géag amhail méara, barraicíní, lámha, bun na gcos, sciatháin nó cosa. | Is iad na fo-iarsmaí is coitianta a bhíonn ag déagóirí agus daoine óga ná:<br><br>• pian, deargadh nó at sa sciathán inar tugadh<br>• an vacsaín<br>• tinneas cinn<br>• fiabhras<br>• masmas<br>• tuirse (ag mothú tuirseach)<br><br>Ba chóir nach mairfeadh na hairíonna sin níos faide ná 24 uair an chloig.<br>Uaireanta, tagann cnap beag gan phian chun cinn, ach is gnách go n-imeoidh sé arís i gceann cúpla seachtaine. |

**Chaill mo pháiste vacsaín mheiningeacocúil nuair a bhí siad níos óige. Cad is féidir liom a dhéanamh?**
Ná bíodh buairt ort mura bhfuair do pháiste vacsaín mheiningeacocúil roimhe. Tugann dáileog amháin de vacsaín MenACWY neart cosanta do dhaoine óga ar ghalar ACWY meiningeacocúil. Ní mholtar teanndáileoga a thabhairt go minic.

## Vacsaín Tdap

**Céard é an vacsaín Tdap?**
Tugann an vacsaín Tdap cosaint in aghaidh na diftéire, an teiteanais agus pertussis (triuch). Mínímid gach ceann díobh sin sa tábla

**Chaill mo pháiste na vacsaíní sin nuair a bhí sé nó sí níos óige. Céard ba cheart dom a dhéanamh?**
Iarr dáileog sa bhreis den vacsaín do do pháiste ar an bhfoireann vacsaínithe scoile.

Sa tábla thíos, cuirtear éifeachtaí gach galair i gcomparáid le fo-iarsmaí na vacsaíne.

| Galar | Éifeachtaí an ghalair | Fo-iarsmaí na vacsaíne |
|---|---|---|
| **Teiteanas** – baictéir san ithir a scaoileann tocsain a bhíonn ina cúis le freangaí pianmhara matán, trithí agus glas géill. | I measc 1,000 duine a dtagann teiteanas orthu:<br>• gheobhaidh 100 duine díobh bás<br>Daoine atá an-óg nó an-sean is mó atá i mbaol. | Maidir le gach 1,000 duine a fhaigheann an vacsaín, ag duine as gach 10, beidh:<br>• pian, deargadh nó at sa lámh inar tugadh an vacsaín<br>• fiabhras |
| **Diftéire** – is galar baictéarach tógálach í a scaiptear trí dhlúth-theagmháil le duine a bhfuil an galar air nó uirthi nó le hiompróir. Bíonn sí mar chúis le scornach thinn agus le mórdheacrachtaí análaithe. | I measc 1,000 duine a dtagann an diftéire orthu:<br>• gheobhaidh 50 duine díobh bás<br>Scaoileann na baictéir tocsain – nimh – a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le pairilis (úsáid matán amháin nó níos mó i do chorp a chailleadh) agus le cliseadh croí. | Maidir le gach 1,000 duine a fhaigheann an vacsaín, ag duine as gach 10, beidh:<br>• pian, deargadh nó at sa lámh inar tugadh an vacsaín<br>• fiabhras |
| **Pertussis** – (Triuch) – scaiptear é trí dhlúth-theagmháil le duine atá ionfhabhtaithe. Bíonn sé mar chúis le triuchail agus le hurlacan. D'fhéadfadh an galar a bheith ar dhuine ar feadh suas le trí mhí. | I measc 1,000 duine a dtagann pertussis orthu:<br>• tiocfaidh einceifilíteas (athlasadh inchinne) ar dhuine amháin<br>• gheobhaidh beirt bás de bharr niúmóine nó lot inchinne<br>• tiocfaidh taomanna ar dheichniúr<br>• tiocfaidh niúmóine ar 50 duine<br>• beidh ar 200 duine dul go dtí an ospidéal | Maidir le gach 1,000 duine a fhaigheann an vacsaín, ag duine as gach 10, beidh:<br><br>• pian, deargadh nó at sa lámh inar tugadh an vacsaín<br>• fiabhras |